







Farm Safety Partnership
An advisory committee to the Health & Safety Authority


CONSTRUCTION SAFETY PARTNERSHIP
ADVISORY COMMITTEE

# Conas Ceapacháin Tógála a dhéanamh do d'Fheirm

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

Céard is gá duit a dhéanamh mar fheirmeoir (Cliant) sula dtosaíonn tú ar obair thógála ar d'fheirm



# Réamhrá

Is gníomhaíochtaí ardriosca iad cothabháil feirme, obair thógála, foirgníocht agus obair scartála a dhéantar ó am go ham ar fheirmeacha. D'fhorbair an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta, an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta, an Roinn Talmhaíochta, Teagasc, an Tionscal Árachais, agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) an treoir seo chun aird a dhíriú ar chuid de na freagrachtaí dlíthiúla atá ar fheirmeoirí (mar chliant) nach mór dóibh a leanúint nuair a bheartaíonn siad obair thógála a dhéanamh ar a bhfeirm nó ina dteach.

# Forléargas

Tabharfaidh an treoir seo comhairle duit maidir le cathain is gá duit ceapacháin scríofa a dhéanamh le haghaidh obair thógála atá beartaithe agat a dhéanamh. Gach bliain tarlaíonn gortuithe marfacha agus gortuithe tromchúiseacha ar fheirmeacha, lena n-áirítear nuair a bhíonn obair thógála ar siúl. Chun a chinntiú go ndéantar an obair a phleanáil, a bhainistiú agus a mhaoirsiú go leordhóthanach tá sé ina cheanglas dlíthiúil a chinntiú go ndéantar ceapacháin sula gcuirtear tús leis an obair thógála, agus leanann sé próiseas éasca de 3 chéim:

## Próiseas Éasca de 3 Chéim

**Céim 1** →

**Déan Cinneadh**

Más gá duit ceapacháin scríofa a dhéanamh le haghaidh obair thógál a a bheidh ar siúl ar d'fheirm.

**Céim 2** →

**Déan measúnú ar an PSDP agus an PSCS**

(Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha agus Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta)

**Céim 3**

**Ceap i scríbhinn**

Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha agus Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta

**Nóta: I bhformhór na gcásanna beidh ceapacháin ag teastáil le haghaidh obair thógála.**

# Na buntáistí a bhaineann le ceapacháin a dhéanamh le haghaidh obair thógála ar d'fheirm

Cosnaíonn sé feirmeoirí (Cliaint) in aghaidh ionchúiseamh féideartha i gcás timpiste ar thionscadal tógála.

Trí cheapacháin a dhéanamh, cuireann tú na freagrachtaí a bhaineann le bainistiú sábháilteachta an tionscadail ar aghaidh chuig an Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) agus an Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS).

Níos lú dóchúlachta go dtarlódh timpistí le linn tionscadal.

# Cathain is gá duit ceapacháin a dhéanamh le haghaidh obair thógála ar d'fheirm?

Trí shreabhchairt na gceapachán a leanúint, is féidir leat a chinneadh cén uair is gá duit maoirseoirí tionscadail a cheapadh. Ní mór na príomhcheisteanna seo a leanas a bhreithniú:

An mbeidh níos mó ná conraitheoir amháin ann? Nóta: Má dhéanann an feirmeoir an obair thógála nó má chuidíonn sé/sí leis, meastar gur conraitheoir é/í an feirmeoir.

An mairfidh an obair níos mó ná 30 lá oibre nó 500 lá duine, agus

An mbeidh aon rioscaí áirithe ann?

# Do ról agus na sainmhínithe a thuiscint

Chun cabhrú leat a chinneadh an bhfuil gá le ceapacháin le haghaidh aon obair thógála atá le teacht, tá sé tábhachtach go dtuigeann tú an ról atá le déanamh agat mar aon le roinnt príomhshainmhínithe.

- Cliant
- Obair Thógála
- Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP)
- Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS)
- Rioscaí Áirithe

## Sainmhínithe Tábhachtacha

**Cliant -** Feirmeoir a ndéantar tionscadal nó obair thógála dó/di. Nuair a bhíonn oibreacha cothabhála, foirgníochta, tógála nó scartála ar siúl ar fheirm, is é/í an feirmeoir an cliant.

**Obair Thógála -** Ciallaíonn sé seo aon obair foirgníochta, innealtóireachta sibhialta nó innealtóireachta foirgníochta a dhéanamh e.g., deisiúchán ar fhoirgnimh agus ar dhíonta, draenáil, suiteáil soilse dín, seideanna nua a thógáil, umair lataí a thógáil, obair mheicniúil, leictreach nó scartála.


**Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) -** Eagraíonn sé/sí comhoibriú idir dearthóirí ar an tionscadal céanna chun comhordú a gcuid gníomhaíochtaí maidir le dearadh an tionscadail a chinntiú.

**Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS) -** Tá sé/sí freagrach as saincheisteanna sábháilteachta agus sláinte na céime tógála ar an láthair a bhainistiú agus a chomhordú.

**Rioscaí Áirithe**
Mar shampla:

- Oibreacha a chuireann duine i mbaol titim ó airde, mar shampla ag obair ar dhíon sobhriste nó ag deisiú díon aispeiste.
- Adhlacadh faoi thitim talún, mar shampla, tochailtí umar.
- Oibreacha in aice le línte cumhachta ardvoltais, mar shampla, seid a thógáil ar shuíomh a bhfuil línte cumhachta ann cheana.
- Oibreacha a chuireann duine i mbaol báite, mar shampla, balla a thógáil in aice le nó cóngarach de chlais sciodair oscailte, lochán nó abhainn.
- Obair a bhaineann le páirteanna troma a chur suas nó a bhaint anuas, mar shampla, umair lataí a thógáil, urláir lataí nó struchtúir chruach a chóimeáil.
- Obair a bhaineann le baint aispeiste.

# Sreabhchairt Ceapacháin



# Do Cheanglais Dhlíthiúla

Meastar feirmeoir a bheith mar chliant faoi na Rialacháin Tógála* má tá oibreacha tógála (tionscadal) á ndéanamh acu ar a bhfeirm nó ar a dteach.

Tá roinnt dualgas ar an gcliant (Feirmeoir) faoi na Rialacháin seo ach ní dhíreoidh an doiciméad treorach ach ar an dualgas chun ceapacháin a dhéanamh nuair atá sé beartaithe obair thógála a dhéanamh.

**Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013*

# Conas Ceapacháin a Dhéanamh le haghaidh Obair Thógála

## Céim 1 - Déan Cinneadh

| **Déan Cinneadh**<br>Más gá duit ceapacháin scríofa a dhéanamh le haghaidh obair thógála a bheidh ar siúl ar d'fheirm. | Nóta: Má fhreagraíonn tú "Is dócha" LE hAON cheann de na ceisteanna seo a leanas ba chóir duit an chuid eile de na céimeanna a chomhlánú agus na taifid seo a choinneáil.<br>Nóta: Le líonadh agus le síniú ag an bhfeirmeoir (Cliant) | |
|---|---|---|
| An bhfuil níos mó ná conraitheoir amháin páirteach sa tionscadal? (Nóta: Má dhéanann an feirmeoir an obair thógála nó má chuidíonn sé/sí leis, meastar gur conraitheoir é/í an feirmeoir.) | Tá | Níl |
| An mairfidh an obair níos mó ná 30 lá oibre nó 500 lá duine? | Mairfidh | Ní mhairfidh |
| An dócha go mbeidh aon rioscaí áirithe, mar shampla:<br>• Oibreacha a chuireann duine i mbaol titim ó airde, mar shampla ag obair ar dhíon sobhriste nó ag deisiú díon aispeiste?<br>• Adhlacadh faoi thitim talún, mar shampla, tochailtí umar.<br>• Oibreacha in aice le línte cumhachta ardvoltais, mar shampla, seid a thógáil ar shuíomh a bhfuil línte cumhachta ann cheana?<br>• Oibreacha a chuireann duine i mbaol báite, mar shampla, balla a thógáil in aice le nó cóngarach d'umar sciodair, lochán nó abhainn?<br>• Obair a bhaineann le páirteanna troma a chur suas nó a bhaint anuas, mar shampla, umair lataí a thógáil, urláir lataí nó struchtúir chruach a chóimeáil?<br>• Obair a bhaineann le haispeist? | Is dócha | Ní dócha |
| Ainm: | Síniú: | Dáta: |
| | | |

# Céim 2 - Measúnú

| Measúnú a dhéanamh ar an PSDP<br>Measúnú Inniúlachta don Mhaoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha | Le líonadh ag an Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) | |
|---|---|---|
| **Sonraí an Mhaoirseora Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha** | | |
| **Ainm na Cuideachta / Ainm an Duine:** | | |
| **Ainm:** | | |
| **Seoladh:** | | |
| **Fón:** | | |
| **Ríomhphost:** | | |
| Tá obair den chineál seo curtha i gcrích agam roimhe seo? | Tá | Níl |
| Táim inniúil ar ról agus ar dhualgais an Mhaoirseora Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) a ghlacadh? | Tá | Níl |
| Ainm: | Síniú: | Dáta: |
| | | |

| Measúnú a dhéanamh ar an PSCS<br>Measúnú Inniúlachta don Mhaoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta | Le líonadh ag an Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS) | |
|---|---|---|
| **Sonraí an Mhaoirseora Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS)** | | |
| **Ainm na Cuideachta / Ainm an Duine:** | | |
| **Ainm:** | | |
| **Seoladh:** | | |
| **Fón:** | | |
| **Ríomhphost:** | | |
| Tá obair den chineál seo curtha i gcrích agam roimhe seo? | Tá | Níl |
| Táim inniúil ar ról agus ar dhualgais an Mhaoirseora Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS) a ghlacadh? | Tá | Níl |
| Ainm: | Síniú: | Dáta: |
| | | |

## Céim 3 - Ceapacháin Scríofa a Dhéanamh

| **PSDP agus PSCS a cheapadh**<br>Ceapachán Scríofa a dhéanamh don Mhaoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha agus Céim na Foirgníochta (PSDP & PSCS). | **Nótaí: Ní mór ceapacháin scríofa a líonadh agus a shíniú ag na Maoirseoirí Tionscadail atá ag glacadh leis an ról.** |
|---|---|
| **Ainm an Fheirmeora (Cliant):** | |
| **Cur síos ar an Tionscadal:** | |
| **Seoladh an Tionscadail:** | |

## Ceapachán PSDP

| **Ainm na Cuideachta / Ainm an Duine:**<br>Tá ___________ ceaptha ina M(h)aoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha don tionscadal thuas agus glacann sé/sí leis an gceapachán. | |
|---|---|
| **Sínithe thar ceann an Fheirmeora (Cliant):** | **Dáta:** |
| **Sínithe thar ceann an PSDP:** | **Dáta:** |

## Ceapachán PSCS

| **Ainm na Cuideachta / Ainm an Duine:**<br>Tá ___________ ceaptha ina M(h)aoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta don tionscadal thuas agus glacann sé/sí leis an gceapachán. | |
|---|---|
| **Sínithe thar ceann an Fheirmeora (Cliant):** | **Dáta:** |
| **Arna shíniú thar ceann an PSCS:** | **Dáta:** |

## Breis Eolais

**Fón:** 0818 289 389
**Ríomhphost:** contactus@hsa.ie
**www.hsa.ie**

BeSMART.ie
Ráiteas Sábháilteachta agus Uirlis Measúnaithe Riosca saor in aisce

Is féidir BeSMART.ie a úsáid chun plean sábháilteachta agus sláinte chéim na foirgníochta a fhorbairt má tá tú ceaptha mar Mhaoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS)